Comhdháil na bPríomhoidí & CCB 2026

02.10.25 | ÓSTÁN TULLAMORE COURT

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

9:30am	**Clárúchán**
10:00am	**Iompar - An Múnla FRC (Fadhb-Réiteach le Chéile)** Tabharfaidh Ruth Mhic Adaim, Príomhoide GS Shliabh Rua atá cáilithe i FRC, cur síos ar conas is féidir leis an múnla tacú le páistí a bhfuil deacrachtaí iompair acu. Éagsúil ó áiseanna eile a fhreagraíonn don iompar, aithníonn FRC na deacrachtaí atá ag páistí agus na rudaí atá ag cur isteach orthu. Go minic, tagann feabhas ar an iompar nuair a aithnítear agus nuair a réitítear an deacracht atá taobh thiar de.
10:45am	**Mórcheisteanna Dlí** Déanfaidh foireann dlí Mason, Hayes & Curran cíoradh ar cheisteanna dlí tráthúla m.sh. Conas iarratas rochtain ar shonraí a láimhseáil? Cé na cearta atá ag tuistí/páirtnéirí nach bhfuil i gcaidreamh? Conas is fearr plé le gearáin chasta? Conas freagairt do ghortú duine sa rang speisialta?
11:30am	**Tae & Caifé**
12:00pm	**An Suirbhé Bunscoile** Tabharfaidh Tim Ó Tuachaigh, Bainisteoir Athchumraithe AFP, cur síos ar na chéad chéimeanna eile i gcomhthéacs thorthaí an tsuirbhé i do scoil.
12:15pm	**Fás na Scoile - Fás ar líne** Tabharfaidh Jill Mc Mahon, Bainisteoir Cumarsáide, le fios conas clárúcháin a mhéadú i do scoil tríd an suíomh idirlín agus google.
12:30pm	**Léasanna Scoile - cad a dhéanaimid chun tacú leat?** Tabharfaidh Brídín Uí Uiginn agus Siobhán Ní Dhúill léargas ar conas léas nua scoile a shocrú agus conas a thacaíonn AFP leis an bpróiseas.

Tuilleadh eolais: www.foras.ie/comhdhail2026/

12:45pm	**An Ghaeilge sa Rang Speisialta** Tumoideachas iomlán atá i bhfeidhm sa rang i nGS Nás na Ríogh. Déanfaidh Anita Nic Amhlaoidh, Príomhoide, cur síos ar conas a thug a scoil faoin tumoideachas a chinntiú sa rang speisialta.
1:00pm	**Ón Éisteacht go dtí an Gníomh: RSO, Acmhainní agus Aistriú** Tabharfaidh Conchubhair Mac Ghloinn Léargas ar obair Líonra RSO, ar an gcomhairliúchán le Comhordaitheoirí RSO agus ar na hacmhainní a d'eascair as na moltaí sin, chomh maith le forbairtí nua chun tacú le daltaí san aistriú chuig an nGaelcholáiste. Labhróidh Bríd Ní Dhonnchadha faoi na forbairtí is déanaí ó COGG ag leibhéal na bunscoile.
1:40pm	**Lón & Crannchur** -
2:30pm	**Cruinniú Cinn Bhliana An Foras Pátrúnachta 2026** -nó- **Teacht le chéile na nGaelcholáistí**
3:15pm	**Críoch** -

Tá na hacmhainní ón gComhdháil ar fáil ach an QR code a scanadh nó téigh chuig an URL faoi.